



An Ghníomhaireacht Tithíochta

Stiúrthóir Oibríochtaí agus Bunathraithe a Earcú

Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí

Bealtaine 2026

Ábhar

Ábhar	2
An Post	3
Coinníollacha Seirbhíse	8
Conas Iarratas a Dhéanamh	12
Faisnéis Ghinearálta	15
Aguisín 1: Inniúlachtaí an Phríomhoifigigh	16

An Post

Teideal an phoist:	Stiúrthóir Oibríochtaí agus Bunathraithe
Tréimhse oifige:	Conradh buan
Údarás Fostaíochta:	An Ghníomhaireacht Tithíochta
Suíomh:	53 Sráid an Mhóta Uachtarach, D02 KT73
Suíomh gréasáin na hEagraíochta:	www.housingagency.ie

Is comhlacht rialtais í an Ghníomhaireacht Tithíochta a bhfuil ról lárnach aici i gcóras tithíochta na hÉireann. Agus í ag obair i ndlúthchomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, le húdaráis áitiúla, Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna), le comhpháirtithe sa tionscal agus le páirtithe leasmhara eile, tacaíonn an Ghníomhaireacht le forbairt beartais agus cuidíonn sí le réitigh tithíochta a chur i gcrích a fhreastalaíonn ar riachtanais tithíochta na hÉireann.

Agus tithíocht fós ar cheann de dhúshláin chomhroinnte is práinní na hÉireann, oibríonn an Ghníomhaireacht thar na fadhbanna idirnasctha de sholáthar, inacmhainneacht agus inbhuanaitheacht fhadtéarma. Déanann sí sin trí léargais agus anailís bunaithe ar fhianaise a chur ar fáil, ag tacú le dearadh agus le cur i bhfeidhm chlár tithíochta an Rialtais, agus ag obair ar bhonn comhoibritheach ar fud an chórais chun cuidiú le torthaí praiticiúla tithíochta a bhaint amach. Cuidíonn obair na Gníomhaireachta le tithe a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil tithe de dhíth orthu, bíodh sé sin trí úinéireacht tithe, tithe a fháil ar cíós atá inacmhainne agus slán, tithíocht shóisialta, feabhsúchán, nó cóiríocht speisialaithe shaincheaptha. Cuirtear taca faoi sin le tiomantas láidir do sheirbhís phoiblí, d'ionchuimsitheacht shóisialta agus d'inbhuanaitheacht, mar aon le cumas láidir na heagraíochta chun freagairt éifeachtach a dhéanamh ar dhúshláin ar fud an chórais tithíochta.

Tá obair na Gníomhaireachta chun tithíocht inbhuanaithe agus inacmhainne a chur ar fáil do chách cuimsithe faoi thrí théama leathana atá tacaíthe ag béim leanúnach ar bharr feabhais eagraíochta.

- Bheith mar lárionad maidir le heolas tithíochta
- Dul i ngleic le soláthar agus inacmhainneacht tithíochta
- Ag tacú le pobail inbhuanaithe agus ionchuimsitheacha a chruthú

Ár Luachanna


Leagann luachanna na Gníomhaireachta caighdeáin amach maidir leis an mbealach a mbímid ag obair le comhghleacaithe agus le páirtithe leasmhara. Leanaimid leis na luachanna sin a leabú ar fud na hEagraíochta, ag cinntiú go ndéanfar muid a threorú leo agus go gcuirfear bonn eolais faoi gach rud a dhéanaimid leo. Coinneoidimid béim láidir ar chomhoibriú inmheánach agus seachtrach araon, agus cuirfimid daoine i gcoirílár ár gcuid oibre. Léirítear leis sin chomh tábhachtach agus atá ár bhfoireann, ár bpáirtithe leasmhara agus na daoine a dtacaímid leo dúinn maidir le riachtanais tithíochta.



Cultúr agus na hÁiteanna is Fearr le hOibriú

Ainmníodh an Ghníomhaireacht Tithíochta i measc na 10 nIonad Oibre Meánmhéide is Fearr in Éirinn le haghaidh 2026 don tríú bliain as a chéile, rud a chuireann béim ar a cultúr láidir, daonlárnach agus a cáil mar áit iontach le hoibriú inti. Tógadh an Ghníomhaireacht ar bhonn seirbhís phoiblí agus cuspóir sóisialta, agus cuireann sí timpeallacht thacúil agus chuimsitheach chun cinn ina bhfuil comhoibriú, foghlaim agus cuntasacht ina gcuid den ghnáthchleachtas laethúil.

Léirítear leis an aitheantas sin ionad oibre ina mbraitheann fostaithe go bhfuil meas orthu, go dtacaítear leo agus go tugtar cumhacht dóibh, ina bhfuil siad bródúil as a gcuid oibre agus ina spreagann tionchar dearfach a gcuid oibre iad. Le fócas leanúnach na Gníomhaireachta ar fhoghlaim agus ar fhorbairt, ar cheannaireacht, ar mheantóireacht agus ar chosáin ghairme soiléire, neartaítear cultúr a chuidíonn le daoine fás, déanamh go maith agus a ndícheall a dhéanamh.



An Fáth a bhfuil an Ról seo Tábhachtach

Tá tithíocht ar cheann de na dúshlán phoiblí is suntasaí atá roimh Éirinn agus is é cuspóir na Gníomhaireachta Tithíochta dlús a chur le soláthar tithíochta, i gcomhpháirtíocht lenár bpríomhpháirtithe leasmhara, trínár saineolas, tacaíocht agus acmhainní chun tithe ardchaighdeáin a sholáthar i bpobail bhríomhara. Chun an cuspóir sin a bhaint amach go gasta agus ar scála mór, teastaíonn ón nGníomhaireacht samhail oibriúcháin atá solúbtha, athléimneach, dea-rialalaithe agus cumasaithe go digiteach le soláthar smachtaithe, seirbhísí gnó inmheánacha láidre, chun soláthar a mbeidh tionchar aige a éascú.

Is ról ceannaireachta ríthábhachtach é seo i ré fáis agus castachta atá ag méadú. Beidh tú i gceannas ar chlár bunathraithe agus athraithe san Eagraíocht agus imreoidh tú tionchar ar “Mhodh Oibre na Gníomhaireachta Tithíochta” agus cruthóidh tú an timpeallacht inar féidir lenár bhfoirne déanamh de réir a mbriathair, nuálaíocht agus comhoibriú a dhéanamh, agus na caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo ó ghníomhaireacht stáit neamhthráchtála a oibríonn laistigh de chreat rialachais láidir á gcoinneáil ar bun.

Is deis uathúil í seo chun bunathrú a threorú sna réimsí a bhfuil tábhacht leis.

An Ról

Agus é nó í freagrach don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, ina b(h)all den Fhoireann Ardbhainistíochta agus i gceannas ar chlár bunathraithe na hEagraíochta, is ról nua ag a bhfuil tionchar é an Stiúrthóir Oibríochtaí agus Bunathraithe a cruthaíodh ag uain chinniúnach i dteacht chun cinn na Gníomhaireachta.

Beidh an Stiúrthóir Oibríochtaí agus Bunathraithe i gceannas ar Stiúrthóireacht nua lena n-áirítear réimse feidhmeanna oibríochtúla inmheánacha agus cláir ilbhliantúla athraithe agus bhunathraithe ar fud na Gníomhaireachta.

Is ról é seo do cheannaire atá ábalta cuspóir, rialachas agus soláthar a chur le chéile:

- **Cuspóir:** Tá tú spreagtha ag tionchar poiblí intomhaiste—rud a chuireann feabhas ar thorthaí tithíochta trí chumas eagraíochtúil níos láidre.
- **Rialachas:** Tuigeann tú na disciplíní agus na rialuithe is gá i dtimpeallacht earnála poiblí (nó timpeallacht a rialaítear ar bhealach comhchosúil).
- **Soláthar:** Soláthraíonn tú ceannaireacht nua-aimseartha bhunathraithe—trí straitéis a nascadh le cur i gcrích trí phunanna, cláir, próisis agus cumasú digiteach.

Áirítear leis an bpríomhbraon feidhmiúil bunathrú, samhail oibriúcháin, cumasú digiteach, anailís ghnó, feabhsú próiseas gnó, gortann tionscadal nua, PMO, ionduchtú agus cumasú inmheánach, agus seirbhísí gnó (daoine agus cultúr, soláthar, TFC, sonraí, cumarsáid inmheánach).

Príomhfhreagrachtaí

Beidh an t-iarthóir a n-éireoidh leis nó léi freagrach as an méid seo a leanas ar an liosta (neamh-uileghabhálach):

A. Ó straitéis go cur i gcrích: oibríochtaí agus bunathrú

- Bheith i gceannas ar fhorbairt agus ar sholáthar cláir ilbhliantúil athraithe agus bunathraithe atá ag teacht le tosaíochtaí straitéiseacha na Gníomhaireachta agus cuspóirí bairr feabhais eagraíochtúla.
- Bunathrú ar shamhail oibriúcháin eagraíochtúil a spreagadh ar fud na hEagraíochta lena chinntiú go mbeidh na seirbhísí inmheánacha comhtháite, éifeachtúil, inscálaithe agus freagrúil.

B. TFC agus cumasú digiteach

- Maoirseacht straitéiseach ar chumasú TFC agus digiteach a sholáthar lena n-áirítear uathoibriú comhphárteanna soláthair, bonneagar tacaíochta, córais, cibearshlándáil, rialachas, tuairisciú agus leanúnachas gnó.

C. Anailís ghnó agus feabhsú próiseas

- Cumas láidir anailíse gnó agus feabhsaithe próiseas gnó a bhunú agus a threorú chun tacú le hathdhearadh seirbhísí, simpliú, caighdeánú agus éifeachtúlacht oibríochtúil.

D. Gortann tionscadal agus disciplín soláthair punainne (PMO)

- Bheith i gceannas ar chur chuige struchtúrtha i leith gortann tionscadal nua, cuidiú leis an nGníomhaireacht tionscnaimh, cláir agus riachtanais seirbhíse atá ag teacht chun cinn a mheas, a eagrú agus tionchar a imirt orthu.
- Maoirseacht a dhéanamh ar PMO láidir, rialachas tionscadail, maoirseacht punainne, disciplíní tuairiscithe agus dearbhú soláthair a leabú.

E. Barr feabhais seirbhísí gnó

- Bheith i gceannas ar sholáthar agus ar fheabhsú leanúnach seirbhísí gnó, trína chinntiú go bhfuil siad gairmiúil, dea-rialaithe, dírithe ar an gcustaiméir agus go bhfuil luach ar airgead ag baint leo.

F. Rialachas corparáideach, pleanáil agus feidhmíocht

- An clár pleanála bliantúil agus ilbhliantúil a chomhordú lena n-áirítear cláir oibre, buiséid, bainistíocht riosca, soláthar agus feidhmíocht a thuairisciú don Phríomhfheidhmeannach agus don Bhord.

- Oibriú go dlúth le Stiúrthóirí eile, leis an Roinn, leis an mBord, le baill foirne agus le soláthraithe seirbhíse chun pleanáil chomhcheangailte agus soláthar éifeachtach a chinntiú.

H. Ceannaireacht agus cultúr daoine

- Oibriú leis an gCeannasaí Daoine agus Cultúir chun cláir cheannaireachta agus forbartha a dhearadh agus chun tacú le forbairt foirne, agus cultúr cuntasachta, comhoibrithe, nuálaíochta agus feabhsúcháin leanúnaigh atá ailínithe leis an nGníomhaireacht á chothú.
- Luachanna na Gníomhaireachta a shamhaltú maidir le conas a dhéantar cinntí, conas a rialaítear soláthar, agus conas a thacaítear le daoine chun a ndícheall a dhéanamh

Príomhchaidreamh (inmheánach/seachtrach)

- POF agus an Fhoireann Bainistíochta Shinsearach
- Comhéadain rialachais an Bhoird/Iniúcháireachta agus Riosca (de réir mar is gá)
- An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
- Soláthraithe/comhpháirtithe seirbhíse
- Páirtithe leasmhara earnála

An Duine

Beidh an t-iarrthóir idéalach ina c(h)eannaire straitéiseach a bheidh dírithe ar sholáthar agus beidh taithí shinsearach shuntasach aige/aici ar oibríochtaí, bunathrú, athrú nó feidhmeanna cumasúcháin inmheánacha i dtimpeallacht chasta. Beidh breithiúnas láidir, inchreidteacht agus cumas cur i gcrích aige/aici, agus beidh cumas cruthaithe aige/aici chun samhlacha oibriúcháin a athdhearadh, seirbhísí a dhigitiú, próisis a fheabhsú, soláthar seirbhísí gnó a neartú agus foirne ildisciplíneacha a threorú.

Chomh maith leis sin, beidh taithí aige/aici ar cheannaireacht ar chláir bhunathraithe ar scála mór, ar shamhail oibriúcháin, ar theicneolaíocht, ar shonraí, ar anailís ghnó, ar dhearadh próiseas gnó, ar PMO, ar fheabhsú seirbhísí, ar fhorbairt eagraíochtúil agus ar sheirbhísí gnó.

Éilítear leis an ról freisin duine a bheidh ar a s(h)uaimhneas ag feidmiú in earnáil phoiblí nó i dtimpeallacht faoi rialú comhchosúil agus a thuigfidh an dóigh a n-éascaítear feidhmíocht eagraíochtúil níos fearr agus torthaí níos fearr do pháirtithe leasmhara le hoibríochtaí inmheánacha láidre agus bunathrú.

Critéir Riachtanacha

Léireoidh an t-iarrthóir rathúil taithí ar an méid seo a leanas:

- Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal, CNC Leibhéal 8 ar a laghad, nó taithí ábhartha choibhéiseach
- Taithí shuntasach ar cheannaireacht shinsearach i ról de scála agus castacht inchomparáide
- Taithí chruthaithe ar bheith i gceannas ar chláir mhóra bhunathraithe agus/nó athraithe
- Fianaise ar fheabhsú ceannródaíoch ar shamhlacha oibriúcháin ar fud na fiontraíochta (e.g., athdhearadh seirbhíse, seirbhísí comhroinnte, dearadh clár eagraíochtúil)

- Cuntas teiste ar bhunathrú digiteach sonraí- chumasaithe a sholáthar
- Taithí ar dhearadh agus ar chur chun feidhme samhlacha oibríochtúla seirbhísí gnó nó seirbhísí corparáideacha
- Taithí i réimsí ábhartha amhail athrú, bunathrú, anailís ghnó, feabhsú próiseas gnó, athdhearadh agus digitiú seirbhísí, athrú eagraíochtúil
- Taithí ar fhoireann nó ar fheidhm seirbhíse gnó nó seirbhíse corparáidí a threorú

Critéir Inmhianaithe

Léireoidh an t-iarrthóir rathúil taithí ar an méid seo a leanas:

- Scileanna cumarsáide labhartha agus scríofa den scoth, taithí ar tuarascálacha a scríobh agus ar chuir i láthair
- Cuntas teiste láidir ar bhainistíocht airgeadais, buiséid agus riosca, rialachas agus tuairisciú feidhmíochta
- Taithí ar fhoirne ildisciplíneacha a threorú agus ar chumas eagraíochtúil a fhorbairt
- Scileanna láidre bainistíochta páirtithe leasmhara, cumarsáide agus scileanna a bhfuil tionchar acu

Déanfaidh tú go maith sa ról seo má dhéanann tú an méid seo a leanas:

- Straitéis a sholáthar trí shoiléireacht, trí ord tosaíochta agus trí chur i gcrích smachtaithe
- Bheith i gceannas le fiosracht agus misneach agus dúshlán á thabhairt don nath “an dóigh a ndearnamar i gcónaí é” agus daoine do do leanúint
- Oibriú le hionracas agus le bua láidir rialachais, atá oiriúnach do chomhthéacs gníomhaireachta stáit
- Muinín a chothú trí thrédhearcacht, cuntasacht shoiléir agus fócas ar thorthaí atá tábhachtach
- Daoine a chur sa chroílár—ag forbairt cumais, ag neartú ionduchtaithe, agus ag éascú ardfheidhmíochta

Más mian leat go mbeadh tábhacht le do chuid oibre - má spreagann tionchar sochaíoch thú agus má tá a fhios agat conas na dálaí oibriúcháin a bhfuil tionchar acu a chruthú, seo do dheis chun cuidiú le hEagraíocht atá i gcroílár chóras tithíochta na hÉireann tithíocht a sholáthar go tapa, le hionracas agus le huailmhian.

Príomhinniúlachtaí

Úsáidfear na critéir riachtanacha agus inmhianaithe mar aon leis na príomhinniúlachtaí i ndáil le feidhmíocht éifeachtach ar leibhéal an Phríomhoifigigh sa phróiseas roghnúcháin:



Tacaítear le gach ceann de na príomhinniúlachtaí le liosta de phríomhtháscairí feidhmíochta atá ar fáil ar www.publicjobs.ie.

Tá tuilleadh eolais faoi na táscairí feidhmíochta sonracha do na réimsí inniúlachta sin ar fáil in **Aguisín I**.

Coinníollacha Seirbhíse

Tréimhse oifige

Beidh an ceapachán bunaithe ar chonradh buan. Is chuig post seanbhunaithe sa Státseirbhís an ceapachán.

Promhadh

Ní mór don iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi tréimhse phromhaidh a mhairfidh 12 mhí a chur isteach.

Tuarastal

Is é seo a leanas scála tuarastail an phoist:

€107,081 – €111,625 – €116,133 – €120,676 – €124,508 – €128,483 BFS1 – €132,450 BFS2

Ceapfar iontrálaithe nua ar an gcéad pointe den scála ar aon dul le beartas an rialtais. D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith infheidhme más státseirbhíseach/seirbhíseach poiblí ar seirbhís tú, go díreach roimh an gceapachán.

Beidh feidhm ag an ráta seo i gcás ina bhfuil an ceapaí ina státseirbhíseach nó ina sheirbhíseach poiblí reatha a ceapadh an 6 Aibreán 1995 nó dá éis, nó ina n-earcaítear é/í le déanaí chuig an Státseirbhís agus go bhfuil sé/sí faoi cheangal Ranníocaíocht Pinsin Phearsanta a dhéanamh.

Beidh ráta difriúil i bhfeidhm nuair is státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí é nó í an ceapaí a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995 agus nach gceanglaítear air nó uirthi Ranníocaíocht Pinsin Phearsanta a dhéanamh.

*D'fhéadfadh incrimintí fadseirbhíse a bheith iníoctha i ndiaidh 3(BFS1) agus 6(BFS2) bliana de sheirbhís shásúil ag uasmhéid an scála.

Déanfar íocaíocht i riaráiste gach coicís trí Ríomhaistriú Airgid (RRA) isteach i gcuntas bainc de rogha an oifigh. Ní féidir íocaíocht a dhéanamh go dtí go mbeidh uimhir chuntais bainc agus cód sórtála bainc curtha ar fáil do Rannóg Acmhainní Daonna na hOifige. Bainfidh an Oifig asbhaintí reachtúla ón tuarastal, de réir mar is cuí.

Nótaí Tábhachtacha a Bhaineann leis an Tuarastal:

Íocfar an té a cheapfar ag bunphointe an scála, agus ní dhéanfar idirbheartaíocht ar an ráta íocaíochta, agus is féidir go ndéanfar coigeartú ar an ráta seo ó am go chéile de réir polasaí pá an Rialtais.

D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith infheidhme más státseirbhíseach/seirbhíseach poiblí ar seirbhís thú faoi láthair.

Faoi réir feidhmíocht shásúil, d'fhéadfadh sé go mbeadh incrimintí iníoctha i gcomhréir le Beartas reatha an Rialtais.

Aontóidh tú go n-aisíocfaidh tú aon ró-íocaíocht tuarastail, liúntais nó speansais de réir Imlitir 07/2018: Aisghabháil Ró-íocaíochtaí Tuarastail, Liúntas, agus Costais a rinneadh le Comhaltaí Foirne/Iar-Chomhaltaí Foirne/Pinsinéirí

Suíomh

Beidh an post seo bunaithe sa Ghníomhaireacht Tithíochta, 53 Sráid an Mhóta Uachtarach, Baile Átha Cliath 2. D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ort, ó am go chéile, oibriú in áiteanna eile gnó an fhostóra nó/agus in áitribh na bhfochuideachtaí, na n-eagraíochtaí nó na n-áitreabh custaiméara sin de réir mar a iarrfadh an eagraíocht sin. Tabharfar an oiread fógra duit faoi aon athrú ar áit oibre a mhéid indéanta le réasún.

Uaireanta freastail

Socrófar na huaireanta freastail ó am go chéile ach ní bheidh siad níos lú ná 35 uair an chloig comhlán in aghaidh na seachtaine. Beidh ar an iarrthóir rathúil uaireanta breise a bheidh réasúnta agus riachtanach lena chuid/cuid dualgas a chomhlíonadh i gceart a oibriú ó am go chéile faoi réir na dtéarmaí atá leagtha síos sna rialacháin maidir le ham oibre. Clúdaítear sa ráta luach saothair iníoctha aon dlíteanas freastail breise a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó am go chéile.

Lasmuigh den fhostaíocht

Is post lánaimseartha a bheidh ann agus ní fhéadfaidh an ceapaí dul i mbun cleachtas príobháideach ná baint a bheith aige nó aici le haon ghnó seachtrach, a thagann salach ar bhealach ar bith ar a dhualgais/dualgais oifigiúla, a chuireann as dá fheidhmíocht/feidhmíocht nó a chuireann a mhacántacht/macántacht i mbaol.

Saoire bhliantúil

Is é 30 lá an liúntas saoire bliantúla. Tá an liúntas sin bunaithe ar sheachtain cúig lá agus ní áirítear leis na gnáthlaethanta saoire poiblí.

Saoire Bhreiteachta

Beidh pá le linn asláithreachta bhreiteachta deimhnithe i gceart, ar an gcoinníoll nach bhfuil aon fhianaise ann ar mhíchumas buan le haghaidh seirbhíse, i bhfeidhm de réir fhorálacha na n-implitreacha maidir le saoire bhreiteachta.

Beidh ar oifigigh a bheidh ag íoc ráta ÁSPC Aicme A sainordú a shíniú lena n-údaraithe an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí aon sochair atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach leis an Ghníomhaireacht Tithíochta. Braithfidh íocaíocht le linn breiteachta ar go ndéanfaidh an t-oifigeach na héilimh riachtanacha ar shochar árachais shóisialaigh chuig an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama riachtanacha.

Aoisliúntas agus scoir

Tairgfear na téarmaí agus coinníollacha aoisliúntais cuí atá i réim sa tSeirbhís Phoiblí don iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi nuair a thairgfear ceapachán dó/di. Go ginearálta, tairgfear ceapachán do cheapaí nár oibrigh sa tSeirbhís Phoiblí riamh bunaithe ar bhallaíocht de Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair (“Scéim Aonair”). Tá sonraí iomlána na Scéime ar fáil ag www.singlepensionscheme.gov.ie

Sa chás gur oibrigh an ceapaí i bpost inphinsin (téarmaí nach mbaineann le Scéim Aonair) sa tseirbhís phoiblí sna 26 seachtain roimh an gceapachán nó má tá sé/sí ar sos gairme nó ar shaoire speisialta le pá/gan phá faoi láthair, d’fhéadfadh téarmaí éagsúla a bheith i bhfeidhm. Bunófar teidlíocht pinsin na gceapaithe sin i gcomhthéacs a staire fostaíochta sa tseirbhís phoiblí

Is iad seo a leanas na príomhsholáthairtí a bhaineann le ballraíocht na Scéime Aonair:

- Aois an Phinsin: Is é 66 an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha i gcomhréir le haois an Phinsin Stáit.
- Aois Scoir: Ní mór do chomhaltaí na scéime dul ar scor nuair a bhaineann siad 70 bliain d’aois amach.
- Baintear úsáid as meántuilleamh gairme chun sochair a ríomh (fabhraíonn pinsean agus méid cnapshuime gach bliain agus ardaíonn an ráta gach bliain de réir tagartha don CPI).
- Baineann méadaithe pinsin i ndiaidh scor le CPI.

Laghdú ar Phinsin

- Má bhí an ceapaí fostaithe cheana sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus go bhfuil pinsean á fháil aige nó aici ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó sa chás go n-éiríonn pinsean de chuid na Státseirbhíse/na Seirbhíse Poiblí iníoctha le linn a (h)athfhostaíochta, beidh an pinsean sin faoi réir lacáiste de réir Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Tabhair do d’aire, le do thoil: Agus tú ag cur isteach ar an bpost seo tá tú ag admháil go dtuigeann tú go mbeidh na forálacha lacáiste, nuair is

cuí, i bhfeidhm. Níl sé beartaithe go dtacóidh an Roinn/Oifig fostaíochta le hiarratas ar tharscaoileadh laghdaithe i leith ceapacháin sa phost seo.

- Má bhí an ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus má dámhadh pinsean air nó uirthi faoi shocruithe luathscoir dheonaigh (seachas an Scéim Dreasachta Luathscoir (ISER), Imlitir na Roinne Sláinte 7/2010 VER/VRS nó imlitir LG(P) 06/2013 na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, áfach, a fhágann le haon cheann díobh go bhfuil duine neamh-incháilithe don chomórtas) scoirfidh teidlíocht an phinsin sin le héifeacht ó dháta an athcheaptha. Féadfar, áfach, socruithe speisialta a dhéanamh chun seirbhís roimhe sin a thug an ceapaí a ríomh chun críche aon dámhachtain aoisliúntais amach anseo a bhféadfaidh an ceapaí a bheith cáilithe ina leith.
- **Scor de bharr Drochshláinte:** Tabhair do d'aire, le do thoil, sa chás gur scor duine ó chomhlacht Státseirbhíse/Seirbhíse Poiblí ar fhorais drochshláinte, go bhféadfadh a phinsean/pinsean ón bhfostaíocht sin a bheith faoi réir athbhreithniú de réir na rialacha um scor de bharr drochshláinte laistigh de scéim pinsin na fostaíochta sin.

Fabhrú Pinsin

Beidh feidhm ag teorainn 40 bliain ar sheirbhís iomlán is féidir a áireamh i dtreo pinsin i gcás ina raibh duine ina bhall de níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin a bhí ann cheana (i.e. neamh-Scéim Aonair) de réir Acht 2012. Déantar foráil maidir leis an teorainn 40 bliain den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige sin d'aon cheapaí a ghnóthaigh cearta pinsin i bhfostaíocht seirbhíse poiblí roimhe seo.

Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise

Tá an ceapachán seo faoi réir na Ranníocaíochta Aoisliúntais Breise (ASC) de réir an Achta um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí 2017. Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair féach an suíomh gréasáin seo a leanas: www.singlepensionscheme.gov.ie

Conas Iarratas a Dhéanamh

Tá Forvis Mazars coinnte ag an nGníomhaireacht chun cuidiú le ceapadh ról an Stiúrthóra Oibríochtaí agus Bunathraithe. Thar ceann na Gníomhaireachta Tithíochta, lorgaíonn Forvis Mazars iarratais ó iarrthóirí cáilithe agus tabharfaidh sé faoi phróiseas earcaíochta cuimsitheach mar chuid den fheachtas earcaíochta seo.

Beidh Forvis Mazars ag bainistiú gach gné den tionscadal earcaíochta seo thar ceann na Gníomhaireachta Tithíochta. Níor cheart aon fhiosruithe nó stocaireacht a dhéanamh go díreach leis an nGníomhaireacht Tithíochta.

1. Litir chumhdaigh (dhá leathanach A4 ar a mhéad) ag cur síos ar an bhfáth ar mian leat go gcuirfí san áireamh thú don ról agus na cúiseanna le do thuairim go bhfuil tú oiriúnach don phost seo, agus go bhfuil scileanna agus taithí ábhartha agat don ról.
2. CV cuimsitheach ina dtaispeántar go soiléir do ghnóthachtálacha agus do thaithí ábhartha i do ghairm bheatha go dtí seo.
3. Foirm Príomhghnóthachtálacha agus í comhlánaithe go hiomlán

Ní ghlacfar ach le hiarratais a chuirfear isteach go hiomlán ar líne trí thairseach iarratais Forvis Mazars isteach sa fheachtas.

Tabhair faoi deara nach gceadaítear úsáid uirlisí Intleachta Saorga (IS) agus d'iarratas ar an bpost seo á fhorbairt agat.

Chun iarratas a dhéanamh ar an ról seo, tabhair cuairt ar www.forvismazars.com/ie/en/executiverecruitment_agus_cuardaigh_Tag_HA0126.

Tabhair faoi deara nach gceadaítear úsáid uirlisí intleachta saorga (IS) agus d'iarratas á ullmhú.

Spríodhata

Spríodhata chun iarratas a dhéanamh: 12 meán lae, Dé Luain, 22 Meitheamh 2026.

Ní ghlacfar le hiarratais ar bith tar éis an dáta dheiridh/spríodhata.

Eiseofar ríomhphost admhála do gach iarratas a gheofar. Mura bhfaighidh tú admháil ar d'iarratas laistigh de 24 uair an chloig i ndiaidh é a chur isteach, déan teagmháil le Foireann Earcaíochta Feidhmiúcháin Forvis Mazars ar an ríomhphost, le do thoil (execrecruit@mazars.ie) lena chinntiú go bhfuarthas d'iarratas.

Agallaimh

Cuirfear sonraí an agallaimh in iúl d'iarrthóirí a luaithe is féidir. Ba chóir d'iarrthóirí a chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála atá sonraithe ar a bhfoirm iarratais ceart.

Socrúithe réasúnta

Cuireann an Gníomhaireacht Tithíochta béim láidir ar éagsúlacht, ar chuimsiú agus ar chomhionannas ar gach leibhéal den Eagraíocht. Ba cheart d'aon iarrthóir a dteastaíonn socruithe réasúnta uaidh nó uaithe ag céim ar bith den chomórtas roghnúcháin a riachtanais a chur in iúl. Is féidir aon cheisteanna maidir le míchumas nó saincheist ar bith eile a bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu trí shocrúithe réasúnta den sórt sin a dhéanamh, a sheoladh chuig execrecruit@mazars.ie nó ar an nguthán ag +353 (1) 4494400.

Próiseas roghnúcháin

D'fhéadfadh sé go mbeadh na nithe seo a leanas i gceist leis an bPróiseas Roghnúcháin:

- iarrthóirí a chur ar an ngearrliosta bunaithe ar an eolas ina n-iarratas
- réamhagallamh iomaíoch
- agalla(i)mh iomaíoch(a) a bhféadfadh cur i láthair a bheith san áireamh iontu.
- tástáil theicniúil
- measúnú síciméadrach
- Insamhladh oibre/rólghlacadh/cleachtadh meán/cur i láthair, agus aon tástálacha nó cleachtaí eile a mheasfar a bheith oiriúnach
- teistiméireachtaí sásúla (ní dhéanfar teagmháil le moltóirí gan toiliú roimh ré ón iarrthóir)

Forchoimeádann an Ghníomhaireacht Tithíochta an ceart chun a cheangal ar iarrthóirí freastal ar an dara hagallamh.

Gearrliostú

Is gnách go sáraíonn líon na n-iarratas a fhaightear ar phost an líon is gá chun folúntais reatha agus folúntais amach anseo a líonadh. Cé go bhféadfadh iarrthóir riachtanais incháilitheachta an chomórtais a chomhlíonadh, má tá líon na ndaoine atá ag cur isteach ar an bpost chomh mór sin nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach duine, féadfaidh an Ghníomhaireacht a chinneadh nach nglaofar ach líon níos lú daoine chun agallaimh. I ndáil leis sin, cuirfidh an Ghníomhaireacht próiseas gearrliosaíthe i bhfeidhm chun grúpa a roghnú le haghaidh agallaimh a bhfuil an chuma air, bunaithe ar scrúdú ar na foirmeacha iarratais, gurb iadsan na daoine is oiriúnaí don phost. Déanfaidh painéal saineolaithe scrúdú ar na foirmeacha iarratais i gcoinne critéir réamhchinnte bunaithe ar riachtanais an phoist. Ní chiallaíonn sé sin go bhfuil iarrthóirí eile neamhoiriúnach nó neamhábailte an post a dhéanamh, ach ina ionad sin go bhfuil roinnt iarrthóirí ann, a bhfuil an chuma ann, bunaithe ar a n-iarratas, go bhfuil siad níos cáilithe agus/nó go bhfuil taithí níos ábhartha acu. Is ar mhaithe leat féin atá sé mar sin cuntas mionsonraithe cruinn ar do cháilíochtaí/taithí a thabhairt i d'iarratas.

Faisnéis thábhachtach eile

Ní bheidh an Ghníomhaireacht freagrach as aon chostais a thabhoídh iarrthóirí a aisíoc.

Níor cheart a ghlacadh leis go gciallaíonn iontráil duine i gcomórtas, nó cuireadh dó nó di chun freastal ar agallamh, nó fógra maidir le toradh rathúil, go bhfuil an Ghníomhaireacht sásta go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais nó nach bhfuil sé nó sí dícháilithe de réir dlí chun an post a bheith aige nó aici agus níl ráthaíocht ar bith ann go mbreithneofar d'iarratas a thuilleadh. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go dtabharfá do d'aire gur fútsa atá sé a chinntiú go gcomhlíonann tú na riachtanais incháilitheachta don chomórtas sula bhfreastalóidh tú ar agallamh. Mura gcomhlíonann tú na bunriachtanais iontrála sin ach má fhreastalaíonn tú ar agallamh in ainneoin sin beidh tú ag cur costas neamhriachtanach ort féin.

Sula ndéanfar aon iarrthóir a mholadh lena cheapadh/ceapadh sa phost seo, déanfaidh an Ghníomhaireacht gach fiosrú a mheastar a bheith riachtanach chun oiriúnacht an iarrthóra sin a chinneadh. Go dtí go mbeidh gach céim den phróiseas earcaíochta curtha i gcrích go hiomlán ní féidir cinneadh deiridh a dhéanamh agus ní féidir a mheas nó a chur in iúl go bhfuil cinneadh dá leithéid déanta.

Dá ndéanfadh an duine a mholtar do cheapachán é a dhiúltú, nó dá n-éireodh sé/sí as an bpost tar éis dó/di é a ghlacadh nó dá dtiocfadh aon fholúntas breise chun cinn, d'fheadfadh an Ghníomhaireacht, faoina rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh do cheapachán

A mheas go bhfuil an iarrthóireacht le tarraingt siar

Ní bhreithneofar don ról iarrthóirí nach ndéanann iarratas roimh an spriocdháta d'iarratais, nach gcuireann na doiciméid iarratais riachtanacha isteach mar atá leagtha amach sa doiciméad seo, nó nach bhfreastalaíonn ar agallamh ná ar thástáil riachtanach eile.

Oibleagáidí na nIarrthóirí:

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go ndéanfar canbhasáil iad a dhícháiliú agus fágfar as an bpróiseas iad mar thoradh air. Ina theannta sin, ní mór nach ndéanfaidh an t-iarrthóir an méid seo a leanas:

- faisnéis bhréagach a sholáthar go feasach nó go meargánta
- aon duine a chanbhasáil, trí aslú nó gan aslú.
- cur isteach ar an bpróiseas nó amhras a tharraingt air ar aon bhealach.

Ní ceadmhach do thríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag céim ar bith den phróiseas.

Duine ar bith a sháróidh na forálacha thuas nó a chuideoidh le duine eile na forálacha thuas a shárú, beidh sé nó sí ciontach i gcion. Aon duine a chiontófar i gcion, dlífeair fíneáil/nó prósúnacht a chur air nó uirthi.

Ina theannta sin, más rud é, maidir le duine a chiontófar i gcion, go raibh nó go bhfuil sé nó sí ina iarrthóir nó ina hiarrthóir i bpróiseas earcaíochta, ansin:

- i gcás nár ceapadh é nó í i bpost, déanfar é nó í a dhícháiliú mar iarrthóir, agus
- i gcás gur ceapadh é nó í i bpost tar éis an phróisis earcaíochta atá i gceist, forghéillfidh sé nó sí an ceapachán sin.

Fostóir Comhdheiseanna

Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta tiomanta do chomhionannas deiseanna san fhostaíocht agus fáiltíonn sí roimh iarratasóirí beag beann ar mhíchumas, inscne, cine, aois, creideamh reiligiúnach / tuairim pholaitiúil nó gnéaschlaonadh. Déantar gach iarratas ar fhostaíocht a bhreithniú de réir fiúntais.

Faisnéis Ghinearálta

Saoránacht

Tá oibleagáid dhlíthiúil ar an nGníomhaireacht Tithíochta a chinntiú go bhfuil ag gach fostaí i dteideal de réir an dlí oibriú in Éirinn. Más infheidhme agus chun tacú le hiarratas iarratasóra, ní mór d'iarratasóirí cead oibre/víosa bailí a chur isteach lena ndeimhnítear cead chun oibriú in Éirinn. Mura gcuirfear an fhianaise riachtanach isteach, cuirfear an t-iarratas agus/nó an conradh fostaíochta ar neamhní.

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhfuil incháilitheacht chun dul in iomaíocht ar fáil do shaoránaigh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar chuid den LEE chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua. D'fhéadfadh saoránaigh de chuid na hEilvéise a bheith san áireamh chomh maith faoi chomhaontuithe an AE. Is gá go mbeadh iarratasóirí mar shaoránaigh de chuid an LEE faoin dáta a bhaineann le tairiscint poist ar bith chun go gcáileoidís.

Ní mór d'iarrthóirí incháilithe bheith i gceann de na catagóirí seo a leanas:

a. Saoránach den Limistéir Eorpach Eacnamaíoch. Áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar chuid den LEE chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó

b. Saoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó

c. Saoránach na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis ar shaorghluaiseacht daoine; nó

d. Saoránach neamh-LEE atá mar chéile nó mar leanbh ag saoránach LEE nó saoránach na hEilvéise ag a bhfuil víosa stampa 4; nó

e. Duine dár tugadh cosaint idirnáisiúnta faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó ball teaghlaigh ar bith atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh ag a bhfuil víosa stampa 4; nó

f. Saoránach neamh-AE ag a bhfuil víosa stampa 4 agus atá mar thuismitheoir ag leanbh cleithiúnach atá mar shaoránach de bhallstát LEE nó den Eilvéis agus a chónaíonn ann.

Seiceálacha teistiméireachtaí

Tabhair do d'aire le do thoil go mbeidh aon tairiscint fostaíochta a dhéanfar d'iarrthóir a n-éireoidh leis nó

léi faoi réir fíorú teistiméireachta sásúla agus fíorú sásúil cáilíochtaí acadúla agus gairmiúla.

Imréitigh Shlándála

Tabhair do d'aire go bhféadfadh Imréiteach an Gharda Síochána a bheith ag teastáil don phost seo. Más gá, má tá tú i do chónaí / má rinne tú staidéar i dtíortha lasmuigh de Phoblacht na hÉireann ar feadh tréimhse 6 mhí nó níos mó, ní mór duit Deimhniú Imréitigh Póilíní ar leith a chur ar fáil ó gach tír ina sonraítear nach bhfuil aon chiontuithe taifeadta i do choinne agus tú i do chónaí ansin.

Is fút féin atá sé imréitigh slándála a lorg go tráthúil. Ní féidir an t-iarratasóir rathúil a cheapadh gan an fhaisnéis sin a bheith curtha ar fáil agus in ord.

Rúndacht

Tabharfar urraim do rúndacht na n-iarrthóirí ag gach céim den phróiseas earcaíochta. Ba cheart do na hiarratasóirí a thabhairt faoi deara, áfach, go gcuirfear gach ábhar san iarratas ar fáil dóibh siúd a bhfuil freagracht dhíreach acu as an bpróiseas earcaíochta laistigh den Ghníomhaireacht Tithíochta.

Tabhair do d'aire go bhféadfaí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis a sholáthróidh tú mar chuid de d'iarratas mar chuid dár méadracht éagsúlachta, comhionannais agus cuimsithe i ndáil leis an bhfeachtas seo.

Comhlíonadh dlíthiúil

Tá Forvis Mazars agus an Ghníomhaireacht Tithíochta tiomanta don reachtaíocht ábhartha uile a chomhlíonadh le linn an fheachtais earcaíochta seo, lena n-áirítear na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015, an tAcht Fostaíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2018 na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 - 2018, agus na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997, 2003 agus 2014.

Comhlíonadh RGCS

Bailíonn, próiseálann agus stóráilann Forvis Mazars sonraí pearsanta, arna soláthar ag iarratasóirí agus iarratas á dhéanamh acu ar an ról atá ar fáil. Déantar na sonraí a sholáthraíonn iarratasóirí a bhailiú, a thaifeadadh, a stóráil, a choinneáil agus a scríosadh i gcomhréir leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 - 2018.

Aguisín 1: Inniúlachtaí an Phríomhoifigh

Ceannaireacht agus Treo Straitéiseach

- Treoraíonn sé nó sí an fhoireann, ag leagan síos ardchaighdeáin, ag dul i ngleic le haon fhadhbanna feidhmíochta agus ag éascú ardfheidhmíochta
- Éascaíonn sé/sí malartú oscailte smaointe agus cothaíonn siad timpeallacht chumarsáide oscailte
- Cuidíonn sé nó sí tionchar a imirt ar straitéis agus bheartas na Roinne / Rialtais.
- Forbraíonn sé nó sí acmhainn agus cumas ar fud na foirne trí tharmligean éifeachtach
- Forbraíonn sé nó sí cultúr foghlama agus forbartha, ag tairiscint cóitseála agus aiseolas cuiditheach/tacúil.
- Tugann sé nó sí treoir maidir le hullmhú le haghaidh athrú agus athchóiriú suntasach agus le haghaidh iad a chur chun feidhme
- Réamh-mheasann agus freagraíonn sé nó sí go tapa d'fhorbairtí san earnáil/timpeallacht níos leithne.
- Comhoibríonn sé nó sí go gníomhach le Ranna, Eagraíochtaí agus Gníomhaireachtaí eile

Breithiúnas agus Cinnteoireacht

- Sainaithníonn sé nó sí croí-shaincheisteanna agus díríonn sé nó sí orthu agus iad ag déileáil le faisnéis/cásanna casta
- Cuireann sé nó sí fíricí i dtoll a chéile, láimhseálann sé nó sí eolas briathartha agus uimhriúil agus smaoiníonn sé nó sí ar cheisteanna go loighciúil
- Feiceann sé nó sí an gaol idir saincheisteanna agus tuigeann sé nó sí impleachtaí ardleibhéil agus sochpholaitiúla go gasta. Sainaithníonn sé nó sí réitigh shoiléire ar shaincheisteanna casta
- Gníomhaíonn sé nó sí, agus cinntí á ndéanamh aige nó aici go tráthúil agus bíonn an misneach aige nó aici iad a thabhairt chun críche
- Déanann sé nó sí cinntí fóna eolasacha, agus tuigeann sé nó sí a dtionchar agus a n-impleachtaí
- Déanann sé nó sí iarracht cothromaíocht éifeachtach a bhaint amach idir na saincheisteanna earnála, na gnéithe polaitiúla agus an tionchar ar an saoránach i ngach cinneadh.

Torthaí a Bhainistiú & a Sholáthar

- Cuireann sé nó sí tús le torthaí/seirbhísí a bhaint amach ina réimse féin agus glacann sé nó sí freagracht astu.
- Déanann sé straitéis agus sonraí oibriúcháin a chothromú chun freastal ar riachtanais ghnó
- Bainistíonn sé nó sí cláir oibre agus tascanna iomadúla agus athdháileann sé nó sí acmhainní chun athruithe ar fhócas a bhainistiú

- Baineann sé nó sí lántairbhe as acmhainní agus cuireann sé nó sí bearta feidhmíochta chun feidhme chun cuspóirí a bhaint amach
- Cinntíonn sé nó sí go mbainfear an úsáid is fearr agus is féidir as TFC agus as samhlacha nua soláthair
- Athbhreithníonn sé nó sí tionscadail agus gníomhaíochtaí go géar lena n-éifeachtacht a chinntiú agus lena chinntiú go gcomhlíonann siad riachtanais na hEagraíochta
- Cothaíonn sé nó sí an tábhacht a bhaineann le héifeachtúlachtaí, luach ar airgead agus ceanglais rialachais chorparáidigh a chomhlíonadh
- Cinntíonn sé nó sí go bhfuil an fhoireann dírithe agus go ngníomhaíonn siad ar thosaíochtaí plean gnó, fiú nuair a bhíonn siad faoi bhrú.

Caidrimh agus Cumarsáid a Fhorbairt

- Labhraíonn agus scríobhann sé nó sí ar bhealach soiléir, deisbhéalach agus ar bhealach a imríonn tionchar
- Éisteanann sé nó sí go gníomhach, ag iarraidh dearcadh agus seasamh daoine eile a thuiscint
- Déanann sé nó sí coinbhleachtaí / easaontuithe a bhainistiú agus a réiteach ar bhealach dearfach cuiditheach.
- Oibríonn sé nó sí go héifeachtach laistigh den phróiseas polaitiúil, agus sainaitníonn agus bainistiúnn sé nó sí an teannas a thagann as dearcthaí éagsúla na bpáirtithe leasmhara.
- Gríosáíonn sé nó sí daoine eile; cothaíonn sé nó sí comhdhearcadh, faigheann sé comhar ó dhaoine eile chun faisnéis a fháil agus spriocanna a bhaint amach
- Déanann sé nó sí teagmháil réamhghníomhach le comhghleacaithe ar gach leibhéal den eagraíocht agus i Ranna / Eagraíochtaí eile agus forbraíonn sé nó sí líonraí gairmiúla láidre.
- Cuireann sé nó sí tuairimí in iúl nuair a mhothaíonn sé nó sí go bhfuil sé ceart é sin a dhéanamh

Eolas Speisialta, Saineolas agus Féinforbairt

- Forbraíonn agus cothaíonn sé nó sí scileanna agus saineolas thar roinnt réimsí a bhaineann lena réimse agus atá aitheanta ag daoine laistigh agus lasmuigh den Roinn/ Eagraíocht.
- Coinníonn sé nó sí cothrom le dáta le príomhbheartais ranna, earnála, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus treochtaí eacnamaíocha, polaitiúla agus sóisialta a théann i bhfeidhm ar an ról
- Coimeádann sé/sí fócas láidir ar an bhféinforbairt, ag iarraidh aiseolais agus deiseanna fáis.

Treallús & Tiomantas do Luachanna Seirbhíse Poiblí

- Déanann sé/sí a dhícheall/dícheall i gcónaí chun feidhmiú ar ardleibhéal

- Léiríonn sé nó sí tiomantas pearsanta don ról, ag coimeád diongbháilteachta agus dianseasmhachta agus mothú cothromaíochta agus peirspictíochta á choimeád maidir le saincheisteanna oibre.
- Cuireann sé nó sí leis an gclár oibre corparáideach ar bhealach dearfach Tá sé nó sí iontaofa, macánta agus measúil go pearsanta, agus gealltanais agus tiomantais á gcomhlíonadh aige nó aici.
- Cinntíonn sé nó sí go bhfuil an saoránach ag croílár na seirbhísí uile a chuirtear ar fáil. Tá sé nó sí acmhainneach, agus coimeádann sé nó sí guaim air/uirthi féin fiú i gcásanna díobhálacha nó deacra
- Cuireann sé/sí cultúr chun cinn ina gcothaítear na caighdeáin eitice agus macántachta is airde